


Gníomhaíocht 6

Turais Siopadóireachta

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta



Mapaí Dul Chun Cinn

Cumarsáid a Dhéanamh Mar is Cuí
Iad Féin a Eagrú
Tasc a Phleanáil

Scil Traschuraclaim

Cumarsáid

Réimsí Foghlama

Bunscoil

Forbairt Phearsanta agus
Comhthuisicint
An Domhan Thart Orainn

Iar-bhunscoil

Foghlaim don tSaol agus don Obair:
Forbairt Phearsanta

Toradh Foghlama

Beidh na foghlaimeoirí:

- ag pleanáil cad é atá de dhíth le dul ar thuras; agus
- ag cur an phlean i gcrích.

Áiseanna atá de Dhíth

Áis 8: Turais Siopadóireachta a Phleanáil

Rudaí a bheidh de dhíth orthu don turas

Eagrú an Ranga

Gníomhaíocht ghrúpa
Gníomhaíocht bheirte
Gníomhaíochta aonair

Cur Síos

Déanfaidh na foghlaimeoirí turas siopadóireachta a phleanáil, agus iad ag díriú ar na rudaí a bheidh le tabhairt leo agus ar na rudaí a dhéanfaidh siad agus iad ar an turas.

An Ghníomhaíocht

- Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag dul chuig an tsiopa áitiúil le roinnt earraí a fháil.
- Téigh trí gach ceann de na ceisteanna in Áis 8. Tabhair cuidiú más gá le go mbeidh freagraí cuí ann.
- Iarr ar na foghlaimeoirí a gcuid freagraí a scríobh le go dtig leo iad a úsáid mar thagairt agus iad ar an turas.
- Pléigh leis na foghlaimeoirí an dóigh le hearra a iarraidh agus iad sa tsiopa nó na leideanna a thig leo a úsáid le teacht ar earraí.
- Lig do na foghlaimeoirí rólghlacadh a dhéanamh a bhaineann leis an turas; mar shampla cuidiú a iarraidh agus íoc as earraí.
- Téigh ar an turas leis na foghlaimeoirí agus déan tagairt d'Áis 8 le cuidiú leo ar an turas.
- Nuair a bheidh na foghlaimeoirí ar ais sa scoil, iarr orthu smaoiniamh ar na príomhchodanna den turas agus ar cé chomh maith agus a d'éirigh leo ar an turas.

Smaointe don Dífreáil

An Leibhéal Deacrachta a Íslíú

- Bain úsáid as siombailí le 'ar dtús agus ansin' bunúsach a dhéanamh.
- Tabhair amach cóip d'Áis 8, agus é líonta amach cheana féin, le go dtig leis na foghlaimeoirí é a leanúint.

An Leibhéal Deacrachta a Ardú

- Iarr ar na foghlaimeoirí an turas a phleanáil ó bhéal, i gcomhrá le duine fásta, in ionad treoracha a scríobh.
- Bíodh deis ag na foghlaimeoirí an turas a phleanáil agus dul ar an turas leo féin.
- Spreag na foghlaimeoirí lena machnamh a dhéanamh ar cé chomh maith agus a d'éirigh leis an turas agus an t-eolas seo a úsáid le cuidiú leo turais eile a phleanáil amach anseo.
- Bíodh deis ag na foghlaimeoirí glacadh le smaointe atá ag duine fásta eile maidir leis an turas a fheabhsú.

Áis 8: Turas Siopadóireachta a Phleanáil

Cá bhfuil mé ag dul?

.....
.....

Cad é mar a rachaidh mé ann?

.....
.....

Cad chuige a bhfuil mé ag dul ansin?

.....
.....

Cad é a chaithfidh mé a thabhairt liom?

.....
.....

Cé hiad na daoine a labhróidh mé leo má bhíonn cuidiú de dhíth orm? (Scríobh ainmneacha agus uimhreacha.)

.....
.....
.....

Cad é a dhéanfaidh mé agus mé ansin?

.....
.....

Cad é a chaithfidh mé a thabhairt ar ais?

.....
.....

